

Ráth Moliain

1.0 Comhthéacs agus Carachtar an tSráidbhaile

Tá Ráth Moliain lonnaithe i ndeisceart an Chontae thart ar 8 chiliméadar ó dheas ó Bhaile Átha Troim. Bunaíodh an sráidbhaile ag aomhal an bhóthair réigiúnaigh R156 idir Dhún Búinne agus An Muileann gCearr agus an bhóthair réigiúnaigh R159 idir Bhaile Átha Troim agus An Mhaighean. Tá cuma thuaithe uaine ar leith ar an sráidbhaile agus faightear scata foirgneamh traidisiúnta suntasach ann.

Tháinig méadú ar an sráidbhaile amuigh ón gcrosaire lárnach lena n-áirítear an t-eastát Church View ar an R159 agus an t-eastát Cherry Valley ar an R156. Tá méid suntasach talaimh úir nár rinneadh forbairt uirthi ná nár baineadh feidhm aisti go dtí seo idir na forbraíochtaí seo agus ceartlár traidisiúnta an tsráidbhaile.

Áit san Ordlathas lonnaíochta	Sráidbhaile – Ionad áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	298	334	Méadú 12% ar dhaonra
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	90		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	74		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta	129		
Áiseanna Oideachais	Bunscoil Naomh Mhichíl (taobh amuigh den sráidbhaile).		
Saoráidí Pobail	Séipéal, Páirc CLG, Ionad Cúraim Leanaí.		
Limistéar Comhaontais Ailtireachta	Tá. Cuimsíonn an teorainn ACA do Mhaigh Dearmhaí príomhshráid an tsráidbhaile atá suite i dtreo soir siar a bheag nó a mhór.		
Déanmhais Chosanta	RPS MH042-104 Eaglais Chaitliceach Rómhánach Naomh Mhichíl RPS MH042-105 Villa Ráth Moliain RPS MH042-106 Nenthorne RPS MH042-107 Tigh Tabhairne Harnan's RPS MH042-108 Villa Ráth Moliain RPS MH042-109 Eaglais na hÉireann Naomh Mhichíl agus na nAingeal Uile		
Toilleadh Bonneagair	Córas Cóireála Uisce Bhaile Átha Troim- Toilleadh reatha. Córas Cóireála Fuíllisce Ráth Moliain-Toilleadh reatha		
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Líon na gCriosanna Tuile Aitheanta A agus B Lasmuigh Beartais um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hImleabhar a hAon den PFC.		
Láithreáin Natura 2000	Níl – is é LCS na Bóinne agus na hAbhann Duibhe an suíomh is gaire, thart ar 3km taobh thoir thuaidh den sráidbhaile.		
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Sea, suite soir ón sráidbhaile.		

2.0 Fís

Táthar ag súil le Ráth Moliain a fhorbairt thar shaolré an Phlean Forbartha agus Lár an Bhaile á threisiú agus á dhaingniú, ag tabhairt tábhacht an chaomhnuithe san áireamh agus ag cur le caighdeán timpeallachta foirgníochta agus nadúrtha an Bhaile mar aon le freastal ar riachtanais an phobail.

3.0 Deiseanna

Tháinig méadú suntasach ar dhaonra Ráth Moliain le linn an tréimhse 2011-2016. Tá príomhshráid an tsráidbhaile tarraingteach agus rachadh oibreacha feabhsúcháin na láithreacha poiblí chun maitheasa do thimpeallacht an tsráidbhaile. Tá roinnt suíomhanna inlíonta i lár an bhaile a bhfuil ar a gcumas acu freastal ar riachtanais fhorbraíochta Ráth Moliain amach anseo.

4.0 Straitéis Úsáid Talún

Tá sé mar aidhm ag an stráitéis um úsáid talún an dlúthbhaile a dhaingniú agus an talamh atá laistigh den agus taobh le lár an tsráidbhaile a fhorbairt. Déanfar cur i bhfeidhm fhás nadúrtha/incriminteach an tsráidbhaile a éascú thar shaolré an Phlean seo.

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tháinig méadú suntasach ar dhaonra Ráth Moliain le linn na tréimhse 1996 - 2016 (beagnach dúbailte) ach d'fhéadfaí a rá nár choinneáil bonneagar/seirbhísí an Bhaile suas leis an méadú seo. Tá sé beartaithe fás tithíochta a éascú thar shaolré an Phlean sa mhéid is go gceadófar don bhaile fás ar shlí atá inbhuanaithe. Mar gheall ar an gcionroinnt tithe a leagtar síos sa Chroístráitéis (118 aonad cónaithe), tá an méid talún sa bhaile atá ina saincheantar leordhóthanach chun freastal ar riachtanais tithíochta an bhaile amach anseo thar shaolré an Phlean Forbartha.

4.2 Geilleagar agus Fostaíocht

Cuireann an baile réimse beag seirbhísí ata ar coimhéis le stádas leibhéal 4 i ngrádlathas miondíola an Chontae. Cuireann sé seo ionad cúraim leanaí agus naíonra, oifig an phoist, dhá theach tábhairne, siopa áise beag agus salón gruaige san áireamh. Rachadh réimse níos leithne áiseanna éagsúla mar sin chun leasa Ráth Moliain. Tá talamh leordhóthanach i lár an bhaile atá ainmnithe mar cheantair B1 'Úsáid Lár an Bhaile' chun freastal ar fheidhmeanna miondíola/tráchtála thar shaolré an Phlean Forbartha, más gá.

4.3 Bonneagar

Freastalaíonn Córas Cóireála Uisce Bhaile Átha Troim agus Córas Cóireála Fuíolluisce Ráth Moliain ar Ráth Moliain faoi láthair. Tá toilleadh ar fáil faoi láthair mar gheall ar sheirbhísí uisce.

4.4 Gluaiseacht

Cruth foirme líní thoir-thiar atá i bpatrún forbraíochta an bhaile seo agus tá an ghluaiseacht go léir cruinnithe thar an ais seo. Dhéanadh áiseanna maidir le bóithre a thrasnú agus/nó feabhsuithe maidir leis an ríocht phoiblí daoine a ghríosadh chun siúil no rothaíochta laistigh den bhaile. Dhéanadh sainchomharthaíocht an charrbhealaigh trín mbaile an chothromaíocht a fháil idir riachtanais na bhfeithiclí príobháideacha agus riachtanais na gcoisithe/na rothaithe.

Tá Ráth Moliain láimh le Baile Átha Troim agus go háirithe le Cnoc an Línsigh. Tá sé de dhíth ar an mbaile naisc iompar poiblí mhaithe go dtí na limistéir uirbeacha atá thart air a choinneáil ar mhaithe le cónaitheoirí a mhealladh amach anseo chomh maith le deiseanna ó thaobh an ghnó de a mhealladh. Cuireann Bus Éireann nasc comaitéireachta ar fáil idir Ráth Moliain agus Baile Átha Cliath trí Chnoc an Línsigh agus Mhaigh Nuad mar aon le seribhís laethúil ó agus go dtí Baile Átha Cliath trí Dhún Búinne agus ó agus go dtí An Muileann gCearr.

4.5 Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Tá scata foirgneamh atá ainmnithe mar struchtúir faoi chosaint laistigh den bhaile agus cuireann siad seo go mórmhór le tús áite a chruthú do Ráth Moliain. Cuirtear san áireamh leis seo Eaglais Chaitliceach Rómhánach Naomh Mhichíl, Teach Ráth Moliain, agus Eaglais na hÉireann Naomh Mhichíl agus na n-Aingeal Uile.

Níl suíomh Natura 2000 ar bith sa sráidbhaile ach tá sruthanna gar don bhaile atá ina gcrabhaibhneacha na Bóinne agus na hAbha Duibhe. Tá Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta na hAbha Duibhe lonnaithe thart ar 3 chiliméadar thiar thuaidh ón mbaile.

4.6 Bonneagar Glas

Cé go bhfuil roinnt limistéir spáis oscailte laistigh d'fhorbairtí tithíochta, tá easpa spás oscailte struchtúrach/tírdhreacha ag an sráidbhaile. In ainneoinn sin, tá carachtar úrghlas ar an mbaile agus is de bharr an chaoi ina bhfuil an timpeallacht thuaithe/thalmhaíochta fite fuaite leis an mbaile é seo. Tá sé thar a bheith tábhachtach go dtagann na forbairtí faoi réir radharcanna agus shracfhéachaintí an cheantair thuaithe mórthimpeall agus go mbeidh tírdhreachú dúchasach ar ardchaighdeán le brath iontu.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Cuimsíonn bonnegar sóisialta Ráth Moliain na páirceanna CLG, Eaglais Chaitliceach Rómhánach Naomh Mhichíl, Eaglais na hÉireann Naomh Mhichíl agus na n-Aingeal Uile agus crèche/naíonra. Bheadh sé de thairbhe ar an áit bonnegar sóisialta an bhaile a fheabhsú, lena n-áireofaí soláthar spáis oscailte ilfheidhmigh i gcomhpháirt le naisc rothaíochta agus siúil a fheabhsú. Déanann an Plean Forbartha seo deimhin go bhfuil talamh leodhóthanach in áiteanna cuí le fáil ar féidir leas a bhaint as ar mhaithe le feidhmeanna sóisialta/pobail chun freastal ar chónaitheoirí reatha agus orthu siúd a d'fhéadfaí a bheith cónaí orthu san áit amach anseo laistigh de shaolré an Phlean Forbartha.

4.8 Deireadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Tá scata foirgneamh suaithinseach i Ráth Moliain lena n-áirítear roinnt Struchtúr atá Faoi Chosaint. Tá na bealaí isteach go dtí an sráidbhaile ar an ngannchuid mar gheall ar an gcuma atá orthu, áfach. Cé go bhfuil cuma dheas orthu, ní chloíonn siad le nósanna an dearaidh uirbigh (m.s. bealach isteach/amach soléite, gnéithe an ceansuite tráchta). Tá gnéithe uirbeacha sainiúla le feiceáil i lár an bhaile é féin. D'fhéadfaí leas a bhaint astu chun suíomh sráidbhaile ar leith a chruthú. Tá suíomh cuí ar an taobh thiar thuaidh de chrosaire an bhaile a bhfuil sé ar a chumas aige cur go mór le croílár an bhaile agus le tús áite a chruthú don bhaile. Ba inmhianaithe go bhfeabhsófaí an ríocht phoiblí agus an sráid-dreach chun carachtar lárnach an tsráidbhaile a fheabhsú, chomh maith le cuma an tsráidbhaile.

5.0 Cuspóirí Forbartha do Bhailte/Shráidbhailte

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas i Scríbhinn in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrú a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaíocht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

Beartas

Is é beartas na Comhairle é

Lonnaíocht agus Tithíocht

RATH POL 1	Ráth Moliain a fhorbairt amach anseo mar ionad lonnaíochtaí cúng a chuireann fáilte roimh choisithe, ina bhfuil réimse úsáidí ó thaobh na talún de agus réimse leathan áiseanna éagsula agus cloí le hoidhreacht fhoirgníochta agus nadúrtha na háite agus freastal á dhéanamh ar riachtanais an phobail áitiúla le deimhniú go bhforbraítear an baile ar shlí atá inbhuanithe agus mar áit atá tarraingteach dóibh siúd ar mhaith leo cúl fúthu, obair nó fiú bheith a shuaimhneas ann nó cuairt a thabhairt air.
------------	--

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é

Lonnaíocht agus Tithíocht

RATH OBJ 1	Chun cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, sa mhéid is go bhfuil indéanta, agus le deimhniú nach sáraítear méid na cionranna teaghlaigh do Ráth Moliain mar a leagtar amach i dTábla 2.11 na Croístráitéise.
RATH OBJ 2	Chun tacú le agus misneach a thabhairt d'fhorbraíocht chónaithe ar thalamh tearcúsáidte agus/nó talamh neamhshealbhaithe lena n-áirítear láithreáin inlíonta agus athfhorbraíochta, faoi réir ardchaighdeán dearaidh agus leagain amach.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

RATH OBJ 3	Lár Ráth Moliain a dhaingniú i gcomhar feidhmeanna tráchtála.
RATH OBJ 4	Forbraíocht feidhmeanna cónaitheacha / thráchtála ar ardchaighdeán a chur chun cinn d'fhonn leanúint na líne reatha d'fhoirgneamh ar an bpríomhshráid agus síneadh a chur leis an gcosán ar an toabh thoir den Bhóthar Buí.

Bonneagar

RATH OBJ 5	Chun dul i dteagmháil le agus cúnaimh a chur ar fáil d'Uisce Éireann maidir le soláthar seirbhísí uisce leordhóthanacha a chur ar bun chun freastal ar riachtanais fhorbartha an Bhaile laistigh de thréimhse an Phlean.
------------	--

Gluaiseacht

RATH OBJ 6	Iarratas a dhéanamh ar thrasrian coisithe laistigh de lár an bhaile a chur i gcrích.
RATH OBJ 7	Soláthar thrasriain coisithe gar don Eastát Cherryvalley.

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

RATH OBJ 8	Chun caomhnú nó athúsáid an bhalla cloiche laistigh de theorainneacha na forbraíochta a chur chun cinn
RATH OBJ 9	Na crainn, lena n-áirítear na seastáin ar feadh an bhóthair Bhaile Átha Troim, a bhfuil luach orthu i dtaobh áiseanna de, atá ainmnithe ar an léarscáil maidir le saincheantair a chosaint.

Sóisialta

RATH OBJ 10	Clós súgartha don bhaile a sholáthar.
RATH OBJ 11	Na háiseanna agus an bonneagar pobail reatha a chosaint, nuair is cuí, agus cur lena bhforbairt amach anseo agus lena leathadh más gá.
RATH OBJ 12	Tacú le soláthar réimse áiseanna bonneagair shóisialta i gcomhpháirt le grúpaí pobail, deonacha agus reachtúla chun freastal ar riachtanais mhuintir Ráth Moliain.

Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

RATH OBJ 13	É a dhéanamh riachtanach go mbeadh ar bhearta maidir le forbraíochtaí amach anseo cloí le comhthéacs fisiciúil, sóisialta agus timpeallachta an bhaile.
RATH OBJ 14	Feabhas a chur le cuma chrosaire an bhaile.
RATH OBJ 15	Na bóithre isteach go dtí an baile a dheimhniú ar shlí níos fearr agus a imfhálú, go háirithe iad siúd a thagann isteach ó thoir, gar do charrchlós na heaglaise.
RATH OBJ 16	Iarratas a dhéanamh ar oibreacha maidir leis an ríocht phoiblí a fheabhsúag díriú ar cheansú tráchtá d'fhonn cothromaíocht níos fearr idir riachtanais na gcoisithe, na rothaithe, riachtanais ó thaobh iompair phoiblí de agus ó thaobh carranna príobháideacha de a bhaint amach. D'fhéadfaí cur san áireamh leis an bearta seo inléiteacht fheabhsaithe, comhcheangailteacht, imfhálú agus bealaí isteach agus amach níos soiléire.
RATH OBJ 17	An líne forbraíochta reatha laistigh den bhaile a chosaint, go háirithe ar an bPríomhshráid.
RATH OBJ 18	Carachtar an bhaile agus an suíomh a théann leis a chaomhnú le riachtanas a bhunú maidir le hairde, scála agus dearadh aon fhorbraíochta mórtimpeall chun go gcloíff le carachtar an bhaile gan suaithinseacht na háite a laghdú.